

Scoil An Duinnínigh

Polasaí Maidir le Rollú

Ainm na Scoile: Scoil an Duinnínigh

Seoladh: Bóthar Faoldroma, Draighneán, Sord, Co. Átha Cliath

Uimhir Rolla. 19898K

Uimhir Fón. (01) 8409640

Uimhir Faics: (01) 8409640

Seoladh Ríomh phost: oifig@scoiland.ie

Pátrún na Scoile: Diarmuid Martin, Ardeaspag Bhaile Átha Cliath.

Bunscoil Chaithliceach, chomhoideachais le dhá shruth is ea Scoil An Duinnínigh. Múintear an clár ‘Beo go Deo’ i ngach rang agus ullmháitear na daltaí do na sacraimintí. Glacann an scoil le páistí ó gach reiligiúin. Tá an polasaí seo bunaithe ar mholtaí atá deanta san Acht Oideachais 1998 agus san Acht Chomhlionannais 2000-2004.

Bhunaigh grúpa tuismitheoirí ó Mhullach Íde agus Port Mearnóg Scoil An Duinnínigh i 1986 chun oideachas tré mheán na Gaeilge a chur ar fáil dá bpáistí. Agus áiteanna á thabhairt sa scoil tugtar tús áite do pháistí atá á dtógáil trí mheán na Gaeilge. Tugtar áiteanna freisin do pháistí nach bhfuil á dtógáil trí mheán na Gaeilge.

Tá 15 múinteoir lán aimseartha ar an bhfoireann, Príomh Oide agus beirt mhúinteoir tacaíocht foghlama san áireamh. Tá múinteoir acmhaine atá roinnte le Gaelscoil Bhrian Boroimhe. An NCSE a shocraíonn na huaireanta acmhaine mar is cuí.

Feidhmíonn Scoil An Duinnínigh faoi na Rialacha do Scoileanna Náisiúnta agus na Ciorcláin Roinne agus tá maoiniú ar fáil i bhfoirm deontais agus múinteoirí íoctha ag an Roinn Oideachais agus Scilleanna. Feidhmíonn an scoil faoi réir an Acht Oideachais (1998), Acht Oideachais (Leas) (2000), Acht Oideachais do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta orthu (2004) agus reachtaíocht chúí comhlionannais eile.

Iarrann an Bord Bainistíochta ar gach teaghlach Sintiús Deonach a thabhairt don scoil. Úsáidtear an tairgead seo le íoc as rudaí breise sa scoil.

Taobh istigh de chothéacs agus paraméadair An Roinn Oideachais & Scilleanna, cearta an phatrúin mar atá leagtha síos sa Act Oidachais (1998) agus an tairgead agus acmhainní a bheith ar fáil chuige tugann an scoil tacaíocht do:

- Ionannas mar a bhaineann le rollú páistí le riachtanais specialta.
- Ionannas rochtain agus rannpháirtíocht sa scoil.
- Rogha na dtuismitheoirí maidir le rollú agus meas ar ilghneitheacht maidir le luacha, creideamh, tradisiúin, teangacha agus an saol in Éirinn.

Leanann an scoil seo cláir curaclaim Roinn an Oideachais agus Scilleanna.

Is í an Ghaeilge teanga an scoile mar sin bimíd ag súil go mbíonn na páiste ó Rang 1 go 6 ag labhairt i nGaeilge eatarthu féin agus iad ar scoil.

Déanann an scoil gach iarracht ranganna Ghaeilge a eagrú do thuismitheoirí nua.

Os rud é gurb í an Ghaeilge teanga na scoile is í an leagan Ghaeilge de shloinne an pháiste a úsáidtear sa scoil. Moltar go núsáidfi an leagan Ghaeilge de ainm baiste an pháiste freisin ach fágfar an rogha sin ag thuismitheoirí.

Nósanna Imeachta maidir le hiarrtais

Glacann an Bord Bainistíochta leis go roghnaíonn thuismitheoirí Scoil An Duinnínigh dá bpaiste mar gur mian leo go bhfaighfeadh an pháiste sin oideachas trí mheán na Gaeilge.

Tá foirmeacha Leiriú Spéise ar fáil ó oifig na scoile nó ar line ag www.scoiland.ie

Tá sé de chead ag thuismitheoirí ainm an pháiste a chur ar chlarú sa scoil ag aon am suas go dtí an tam lena nglacfar le Foirm Iontrála Oifigiúil. Is ceart go gcuirfidís in úil cén bhliain gur mian leo go dtosnódh a bpáiste sa scoil.

Cuirfidh an scoil in úil do gach duine atá cláraithe nuair is gá Foirm Iontrála Oifigiúil a chur isteach.

Gheobhaidh thuismitheoir/caomhnóir an pháiste cóip den Fhoirm Iontrála Oifigiúil dá bpáiste i mí Dheireadh Fómhair den bhliain sara mbeidh an pháiste ag tosnú sa scoil.

Ní ghlacfar ach le foirmeacha oifigiúla atá líonta go hiomlán. Is gá Teastas Breithe agus Teastas Baiste (más ann) an pháiste a chur leis an bhfoirm iontrála seo.

Nóta do Thuismitheoirí

- Is gá go mbeadh an pháiste ceithre (4) bliana d'aois roimh an chéad (1ú) Bealtaine den bhliain go bhfuil an tiarrtas á dhéanamh.
- Is gá an Fhoirm Iontrála Oifigiúil a chur isteach i mí na Samhna den bhliain sara dtosnaíonn an pháiste an scoil. Is ar an Fhoirm Iontrála Oifigiúil amháin a ghlacfar le hiarrtais do áiteanna i Scoil an Duinnínigh.
- Dícháileofar aon duine a dhéanann canbhasáil.
- D'fhéadfaí iarrtas a dhí chailiú má tá eolas bréige nó mí-chruinn ar an bhFoirm Iontrála.
- Ní chuirfear seoladh an pháiste san áireamh agus áiteanna á dtabhairt is cuma cé chomh gar is atá sé/sí do Scoil an Duinnínigh.

Iarrtas déanach is ea aon iarrtais a thagann tar éis an data deiridh i mí na Samhna agus caithfear leo dá réir.

Páistí ag iarraidh aistriú ó scoileanna eile, is féidir iad a chur ar an rolla de réir Rialacha le haghaidh Scoileanna Náisiúnta, an Act Leasa Oideachas agus polasaí rollaithe na scoile.

Tá sé de cheart ag an mBord Bainistíochta a shocrú cén uasmheid páiste atá ceadaithe i ngach seomra ranga agus treoracha na Roinne Oideachais agus Scileanna maidir le líon na ndaltaí sa rang agus soláthair foirne. I measc na rudaí eile a churifear san áireamh freisin tá

- Méid na seomraí ranga agus an spás iontu.
- Riachtanais oideachasúla na bpáistí san aoisghrúpa.
- Ranganna ilghrád.
- Daltaí sa scoil le riachtanais speisialta oideachasúla/iompraíochta.

Ní féidir a bheith cinnte go bhfaighfidh aon iarrtasóir áit i Scoil an Duinnínigh.

Nuair is mó an uimhir a bhíonn ag éileamh rollaithe in aon rang ar leith ná an spás a bhíonn ar fáil bainfeair úsáid as na critéir seo a leanas chun páistí a chur in ord tosaíochta:

1. Páistí a tógadh le Ghaeilge. D'fhéadfaí iarraidh ar thuismitheoirí a páistí a thabhairt chun casadh le ionadaithe ón scoil má tá an chritéar seo i gceist.
2. Páistí go bhfuil dearthaireacha, deirfiúracha nó páistí ón 'aonad clainne' céanna sa scoil cheana féin/ scoláirí na scoile
3. Páistí le foireann buan Scoil an Duinnínigh.
4. Páistí a d'fhreastail ar Naíonra Cholmcille.
5. Páistí a d'fhreastail ar Naíonra eile atá claraithe le Forbairt Naíonraí Teo.
6. Páistí le hiarscolairí Scoil an Duinnínigh.
7. Páistí gur mian lena dtuismitheoirí go bhfaighfidís oideachas trí mheán na Gaeilge. D'fhéadfaí iarraidh ar thuismitheoirí a páistí a thabhairt chun casadh le ionadaithe ón scoil má tá an chritéar seo i gceist.
8. Gach duine eile.

'Aonad Clainne' páistí atá ina gcónaí go buan le chéile..

Déanfar na háiteanna i Rang Naíonáin Bheaga a thairiscint roimh deireadh mí na Feabhra sa bhliain atá i gceist.

Má tá páistí ar chomchéim maidir leis an gcritéir thuasluaite agus gan dóthain áiteanna dóibh go léir déanfar crannchur a chur ar siúl chun na páistí a roghnú

Nuair a ghlacann tuismitheoir le áit sa scoil iarrfar orthu suim airgid a íoc chun roinnt de na costais a bheidh i gceist do ealaíon /ceardaíocht, fotochóipeáil, cíos leabhair & rl. i rith na bliana.

Maidir le hiarrtaisí do pháistí le Riachtanais Speisialta

Tabharfar acmhainní do pháistí le riachtanais speisialta a rollaíonn in Scoil an Duinnínigh, de réir leibhéal na n-acmhainní a chuirfidh an Roinn Oideachais agus Scilleanna ar fáil don mBord Bainistíochta.

Maidir le hiarrtais do pháistí le Riachtanais Speisialta is féidir go lorgódh an Bord Bainistíochta cóip de thuairisc dochtúra an pháiste agus/nó tuairisc shíceolaíoch nó go n-iarrfaidís go ndéanfaí measúnú air/uirthi láithreach. Tá an tuairisc seo ag teastáil chun cabhrú leis an scoil riachtanais oideachasúla an pháiste a aimsiú agus chun na seirbhísí cuí a liostáil.

Nuair a bheidh an tuairisc faighte ag an mBord Bainistíochta deanfaidh siad measúnú ar chonas is feidir leis an scoil na riachtanais atá luaite san tuairisc a shásamh.

Sa chás, go gceapann an Bord go bhfuil gá le tuille achmhaine rachaidh siad i dteangbhaile leis an SENO de réir (NCSE ciorcaláin 01/05) agus iarraidh orthu na hacmhainní atá ag teastail de réir tuairisc an síceolaí / dochtúra a chur ar fáil sara dtosnaíonn an pháiste sa scoil.

D'fhéadfadh seirbhís na múinteoireachta cuartaíochta a bheith i gceist, chomh maith le múinteoir acmhainne, cúntóirí riachtanas speisialta etc, fearas nó troscán speisialta, seirbhísí taistil etc.

Beidh duine ón bhfoireann sásta bualadh le tuismitheoirí an pháiste le riachtanais speisialta chun oiriúnacht na scoile dá bpáiste a phlé leo. D'fhéadfaí cáschomhdháil iomlán a reáchtáil, agus tuismitheoirí, múinteoir ranga, múinteoir tacaíochta foghlama, múinteoir acmhainne agus síceolaí nó S.E.N.O. i láthair, de réir mar is cuí.

Nósanna Imeachta i leith Achomhairc

Má bhíonn tuismitheoirí míshásta le cinneadh rollaithe is féidir leo dul i muinín an Bhord Bainistíochta. Ní mór dóibh a chur in iúl i scríbhinn do Chathaoirleach an Bhoird cad iad na forais atá leis an athchomharc, taobh istigh de dheich lá tar éis diúltú dóibh. Muna mbíonn tuismitheoirí sásta le toradh an athchomhairc is féidir leo dul i muinín Roinn an Oideachais agus Scileanna, faoi Rannóg 29 d'Acht an Oideachais ar an bhfoirm oifigiúil atá curtha ar fáil ag an Roinn. Caithfidh an t-athchomharc a bheith lóisteáilte taobh istigh de 42 lá tar éis don scoil cead rollaithe a dhiúltú.

Daingniú

Rinne an Bord Bainistíochta an polasaí seo a dhaingniú ar an 11 Meán Fómhair 2012. Tá an polasaí seo ar fáil do gach iarrtasóir agus tá sé ar shuíomh ghréasáin na scoile.

Daingnithe ag an mBord Bainistíochta

Dáta _____

Sínithe

Cathaoirleach, An Bord Bainistíochta